Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Gaeilge

Páipéar II

Gnáthleibhéal

Dé Máirt 14 Meitheamh Maidin 9:30 – 11:50

150 marc

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**

**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

Freagair Ceist 1 agus **dhá** cheist as Roinn na Litríochta (Ceist 2 agus Ceist 3).

**Ceist 1:** An Léamhthuiscint (100 marc)

Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).

**Roinn na Litríochta (50 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| **Ceist 2:** | **2A.** | Prós Ainmnithe |
| | **2B.** | Prós Roghnach |
| **Ceist 3:** | **3A.** | Filíocht Ainmnithe |
| | **3B.** | Filíocht Roghnach |

Freagair **dhá** cheist as an roinn seo.

Ní mór duit tabhairt faoi **dhá** cheist, mar seo a leanas:

**Dhá** cheist as 2A **nó Dhá** cheist as 2B
**nó**
**Dhá** cheist as 3A **nó Dhá** cheist as 3B
**nó**
Ceist **amháin** as 2A **agus** Ceist **amháin** as 3A **nó** as 3B
**nó**
Ceist **amháin** as 2B **agus** Ceist **amháin** as 3A **nó** as 3B

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc (25 marc).

| CEIST 1 | – LÉAMHTHUISCINT – | (100 marc) |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Uimhir a Sé, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath

**1.** Tá stair spéisiúil ag baint le hUimhir a Sé, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath. Faoin mbliain 1786, bhí an teach ag Uimhir a Sé, Sráid Fhearchair tógtha ag Hans Blackwood as Contae an Dúin. Bhí Hans Blackwood ina fheisire sa pharlaimint i mBaile Átha Cliath ag an am sin. Sa bhliain 1800, tar éis Acht an Aontais, dúnadh an pharlaimint i mBaile Átha Cliath agus bhí ar Hans agus ar na Feisirí Parlaiminte eile bogadh go Westminster. Fágadh a lán de na tithe móra folamh. Cheannaigh baintreach Chaitliceach, Anne Segrave, Uimhir 6 sa bhliain 1817. Bhí baint ag John Henry Newman leis an teach nuair a tháinig sé go Baile Átha Cliath chun ollscoil Chaitliceach a bhunú. Thóg sé Uimhir a Sé ar cíos ó Anne Segrave, chónaigh sé sa teach agus bhunaigh sé áras de chuid na hollscoile Caitlicí san fhoirgneamh. Sna 1860idí, bhí acadamh míleata sa teach agus ullmhaíodh buachaillí óga do scrúduithe iontrála na scoile míleata ríoga a bhí ag Arm na Breataine.

**2.** D’athraigh ról Uimhir a Sé i stair na tíre nuair a cheannaigh Tom Kelly an teach i 1910. Ón mbliain sin ar aghaidh, bhí baint mhór ag Uimhir a Sé le gluaiseacht na saoirse in Éirinn. Bhí ceanncheathrú pháirtí Shinn Féin in Uimhir a Sé ó 1910. D’eagraigh ceannaire Shinn Féin, Art Ó Gríofa, cainteanna in Uimhir a Sé chun a chur ina luí ar dhaoine gur chóir go mbeadh rialtas dúchais agus parlaimint i mBaile Átha Cliath. Chuirtí eagar ar iris Shinn Féin sa teach. Bhíodh banc Shinn Féin ann chomh maith. Le linn Éirí Amach na Cásca i 1916, ghlac saighdiúirí de chuid Arm na Breataine seilbh ar Uimhir a Sé. Scaoil duine de na saighdiúirí sin piléar ón teach le Margaret Skinnider, an t-aon bhean a goineadh le piléar agus í ag troid san Éirí Amach.

**3.** Bhíodh cruinnithe ag Cumann na mBan sa teach. Ag comhdháil in Uimhir a Sé i mí na Nollag 1916, roghnaíodh Constance Markievicz mar Uachtarán ar Chumann na mBan. In Uimhir a Sé a shocraigh páirtí Shinn Féin go n-oibreoidís chun poblacht na hÉireann a chur ar bun. Chomh maith leis sin, d’ullmhaigh siad don olltoghchán ar an 14 Nollaig 1918 sa teach. San olltoghchán sin, bhuaigh Sinn Féin tromlach na suíochán a bhí ar fáil d’ionadaithe na hÉireann i bparlaimint Westminster. Tar éis a mbua san olltoghchán, ba in Uimhir a Sé a rinne Sinn Féin pleananna don chéad chruinniú den pharlaimint nua Éireannach. Leag siad amach an clár oibre agus d’aontaigh siad ainm don pharlaimint nua: Dáil Éireann.

**4.** Bhí oifigí rialtais ag an gCéad Dáil in Uimhir a Sé. Ceapadh Micheál Ó Coileáin mar Aire Airgeadais sa Chéad Dáil agus bhí a oifig ar an dara hurlár sa teach. Bhí Uimhir a Sé mar cheannáras ag Sinn Féin go dtí Cogadh na gCarad. Dúnadh an teach ansin agus chuir sé sin deireadh le heachtraí polaitiúla sa teach. Sa bhliain 1924, cheannaigh Oifig na nOibreacha Poiblí Uimhir a Sé. As sin amach, bhí baint mhór ag Uimhir a Sé le saol na Gaeilge. Bhí oifigí Choimisiún na

Gaeltachta in Uimhir a Sé. Ó 5 Deireadh Fómhair 1931 ar aghaidh, chaith Coláiste Mhuire, meánscoil lán-Ghaeilge do bhuachaillí, dhá bhliain in Uimhir a Sé mar ní raibh foirgneamh scoile dá gcuid féin acu ag an am sin.




**5.** Bhronn an Stát Uimhir a Sé ar Chonradh na Gaeilge i 1965. Tá ceannáras Chonradh na Gaeilge ann ó shin i leith. Tá siopa leabhar acu ann. Tá club Chonradh na Gaeilge in íoslach an fhoirgnimh. De ghnáth, bíonn siamsaíocht agus imeachtaí Gaelacha ar siúl sa chlub do phobal na Gaeilge. Chomh maith leis sin, tá stiúideonna ag an stáisiún raidió, Raidió Rí-Rá, in Uimhir a Sé. Fuair Conradh na Gaeilge cead pleanála i mí na Nollag 2020 chun Uimhir 6 a fhorbairt. Sa phlean nua don teach, tá caifé, stiúideonna breise agus amharclann leagtha amach. Freisin, tá sé ar intinn acu an teach a oscailt don phobal ionas gur féidir le daoine cuairt a thabhairt ar cheann de na tithe is stairiúla sa tír.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**1.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi Hans Blackwood. (Alt 1)

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin mbaint a bhí ag John Henry Newman le hUimhir a Sé. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Cén fáth ar eagraigh ceannaire Shinn Féin, Art Ó Gríofa, cainteanna in Uimhir a Sé? (Alt 2)

(b) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoi Uimhir a Sé le linn Éirí Amach na Cásca i 1916. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Cad a tharla ag comhdháil in Uimhir a Sé i mí na Nollag 1916? (Alt 3)

(b) Scríobh síos **dhá** rud a rinne Sinn Féin in Uimhir a Sé tar éis a mbua san olltoghchán. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi Mhicheál Ó Coileáin. (Alt 4)

(b) Cén fáth ar chaith Coláiste Mhuire dhá bhliain in Uimhir a Sé? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoi Chlub Chonradh na Gaeilge. (Alt 5)

(b) Scríobh síos **dhá** rud atá i bplean nua Chonradh na Gaeilge don teach. (Alt 5)


(10 marc)

**B – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## An Ceol

**1.** Cá mbeimis gan an ceol? Baineann an ceol le gach gné de shaol an duine. Nochtar a lán mothúchán tríd an gceol. Baintear úsáid as cineálacha éagsúla ceoil ar ócáidí difriúla. Cantar suantraí don leanbh chun é a chur a chodladh. Moltar daoine le hamhráin mholta. Tugann an caoineadh sólás do dhaoine nuair a bhíonn siad faoi bhrón. Múscláítear mórtas cine i ndaoine nuair a chantar an t-amhrán náisiúnta. Tá an ceol tábhachtach i saol na ndaoine. Tugann sé faoiseamh dóibh ó fhadhbanna an tsaoil agus laghdaíonn sé an strus. Bíonn deis iontach ag daoine a bheith cruthaitheach nuair a bhíonn siad ag cumadh agus ag scríobh an cheoil. Cothaíonn an ceol caidreamh idir dhaoine. Baineann daoine taitneamh as lá a chaitheamh lena gcairde ag ceolchoirm nó ag féile cheoil.



**2.** Cruthaíonn cineálacha éagsúla ceoil atmaisféar ar leith agus téann sé sin i bhfeidhm ar aigne na ndaoine. Úsáideann lucht gnó agus fógraíochta ceol chun daoine a mhealladh le hearraí a cheannach. Baineann lucht déanta scannán úsáid as an gceol chun an téama a fhorbairt, chun suíomh a chruthú agus chun dul i bhfeidhm ar an lucht féachana. Nuair a tharlaíonn tubaiste go háitiúil nó in áit ar bith ar domhan, is minic a eagraítear imeachtaí ceoil chun airgead a bhailiú agus chun aird a tharraingt ar an gcruachás sin. Eagraíodh ceolchoirm *Live Aid* sa bhliain 1985 chun cabhair airgid a chur ar fáil do mhuintir na hAetóipe a bhí ag fulaingt sa ghorta ag an am. Bhain daoine i dtíortha ar fud an domhain taitneamh as scoth an cheoil bheo agus bailíodh a lán airgid ar mhaithe leis na daoine san Aetóip le linn *Live Aid*.

**3.** Is cuid dár gcultúr é an ceol Gaelach. Is í an chláirseach siombail náisiúnta na tíre. Tá íomhá den chláirseach ar lógónna Ranna Stáit, ar shéala oifige an Uachtaráin agus ar na boinn airgid. Tá ceol, amhránaíocht agus rince dúchais na hÉireann beo bríomhar sa lá atá inniu ann. Glacann a lán daoine páirt sna ranganna ceoil agus rince a bhíonn ar siúl ag an eagraíocht Comhaltas Ceoltóirí Éireann ina gcraobhacha in Éirinn agus ar fud an domhain. Bíonn a lán féilte ceoil ar siúl ó cheann ceann na bliana. Is í Fleadh Cheoil na hÉireann an ceiliúradh bliantúil is mó ar domhan ar cheol, amhránaíocht agus rince na hÉireann. Glacann ceoltóirí agus rinceoirí as gach áit in Éirinn agus as tíortha thar lear páirt sna comórtais cheoil agus rince le linn na féile. Chomh maith leis sin, bíonn ceol sráide agus taispeántais cheoil ar siúl ag Fleadh Cheoil na hÉireann.

**4.** Is iomaí duine aitheanta a d'fhág a rian ar cheol traidisiúnta na hÉireann. Duine de na daoine sin ba ea Seán Ó Riada. Sa bhliain 1959, chum sé an fuaimrian don scannán *Mise Éire*. Bhunaigh sé an grúpa ceoil Ceoltóirí Chualann. Thuill an grúpa ceoil *The Chieftains* clú agus cáil idirnáisiúnta don cheol Gaelach. Thóg siad ceol na hÉireann leo go dtí na Stáit Aontaithe agus go dtí an Eoraip. Ba iad *The Chieftains* an chéad

ghrúpa ón Iarthar a sheinn ceol ar Bhalla Mór na Síne. Tá a lán grúpaí ann anois atá ag casadh ceol Gaelach agus á mheascadh le stíleanna eile ceoil. Bhí tionchar ag an seó *Riverdance*, a cuireadh i láthair ag an gComórtas Eoraifíse sa bhliain 1994, ar an rince Gaelach. Tá sluaite móra daoine ag freastal ar sheónna rince Ghaelaigh ar fud an domhain ó shin i leith. Tá a lán daoine ag foghlaim rincí Gaelacha agus ag glacadh páirte i gcomórtais rince anois mar gheall ar thionchar *Riverdance*.

**5.** Tá saol an cheoil athraithe go mór ag an teicneolaíocht le blianta anuas. Tá an ceol le fáil go héasca ar an idirlíon. Is féidir le daoine teacht ar gach saghas ceoil ar na seirbhísí sruthaithe mar *Spotify* agus *Apple Music*, agus an ceol a íoslódáil chuig a ngléasanna soghluaiste. Roinneann siad amhráin agus seinnliostaí lena chéile ar na hardáin shóisialta éagsúla. Bíonn ceoltóirí ábalta a gcuid ceoil a thaifeadadh agus a roinnt ar na líonraí sruthaithe ceoil. Tugann sé seo deis dóibh lucht leanúna a bheith acu in aon áit ar domhan. Ach tá míbhuntáistí ag baint leis an teicneolaíocht do thionscal an cheoil agus do cheoltóirí. Ní cheannaíonn daoine an méid céanna ceirníní ná dlúthdhioscaí anois. Is minic a íoslódáiltear ceol go mídhleathach gan íoc as. Nuair a tharlaíonn sé seo, ní fhaigheann ceoltóirí íocaíocht ar bith.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**1.** (a) Scríobh síos **dhá** shampla den úsáid a bhaintear as cineálacha éagsúla ceoil ar ócáidí difriúla. (Alt 1)

(b) Tabhair **dhá** chúis a bhfuil an ceol tábhachtach i saol na ndaoine. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Luaigh **dhá** chúis a mbaineann lucht déanta scannán úsáid as an gceol. (Alt 2)

(b) Cén fáth ar eagraíodh ceolchoirm *Live Aid* sa bhliain 1985? (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin gcláirseach. (Alt 3)

(b) Scríobh síos **dhá** rud faoi Fhleadh Cheoil na hÉireann. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Scríobh síos **dhá** bhealach ar thuill an grúpa ceoil *The Chieftains* clú agus cáil idirnáisiúnta don cheol Gaelach. (Alt 4)

(b) Cén tionchar a bhí ag an seó *Riverdance* ar an rince Gaelach? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Luaigh **dhá** bhealach a bhfuil daoine ábalta an ceol a fháil go héasca ar an idirlíon. (Alt 5)

(b) Scríobh síos **dhá** mhíbhuntáiste atá ag baint leis an teicneolaíocht do thionscal an cheoil agus do cheoltóirí. (Alt 5)

(10 marc)

## Roinn na Litríochta (50 marc)

Léigh na treoracha ar leathanach 3 den scrúdpháipéar seo.

Tá **2A.** Prós Ainmnithe, (a), (b), (c) ar leathanach 9.

Tá **2B.** Prós Roghnach (a), (b), (c) ar leathanach 10.

Tá **3A.** Filíocht Ainmnithe (a), (b), (c) ar na leathanaigh 11 – 13.

Tá **3B.** Filíocht Roghnach (a), (b), (c) ar leathanach 14.

## 2A – PRÓS AINMNITHE

**(a)** Freagair na ceisteanna thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

**Oisín i dTír na nÓg**

(i) Scríobh síos **dhá** athrú a tháinig ar Oisín nuair a thit sé den each bán i nGleann na Smól.

(ii) Luaigh **dhá** rud a d'inis Niamh Chinn Óir d'Oisín faoi Thír na nÓg.

(iii) Cén fáth a raibh brón ar Oisín agus é ag imeacht le Niamh Chinn Óir go Tír na nÓg?

(iv) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin saol a bhí ag Oisín agus ag Niamh Chinn Óir i dTír na nÓg.

(v) Conas a chabhraigh Naomh Pádraig le hOisín tar éis dó filleadh ar Éirinn?

(25 marc)

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

**Hurlamaboc**

'Bhí an chuma ar Lisín go raibh sí ina hógbhean fós … ní raibh sí riamh díomhaoin.'

Déan cur síos ar Lisín agus ar an gcineál saoil a bhí aici.

(25 marc)

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin ngearrscéal *Dís*.

**Dís**

'Féach ansan. Toradh suirbhé a deineadh. Deirtear ann go bhfuil an ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona, míshásta. Táimse ansan, ina measc.'

Déan cur síos ar shaol bhean Sheáin agus ar na fáthanna a raibh sí míshona, míshásta.

(25 marc)

## 2B – PRÓS ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scéal.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa ghiota sin. Déan cur síos ar an gcineál saoil atá ag an duine sin sa ghiota.

(23 marc)

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa ghearrscéal sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa ghearrscéal.

(23 marc)

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

## 3A – FILÍOCHT AINMNITHE

**(a) An tEarrach Thiar**

(i) (a) Cén séasúr atá i gceist sa dán seo?

(b) Conas atá an aimsir i véarsa a haon?

(c) Cad atá á dhéanamh ag an bhfear i véarsa a dó?

(d) Tabhair pointe **amháin** eolais faoi na mná i véarsa a trí.

(8 marc)

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den *churrach* a thugann an file dúinn i véarsa a ceathair. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

(iii) An bhfuil an file sásta sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

### An tEarrach Thiar

Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
 Binn an fhuaim
 San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
 Niamhrach an radharc
 San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
 Támh-radharc síothach
 San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
 San Earrach thiar.

**(b) Colscaradh**

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** íomhá (**dhá** phictiúr) den phósadh a bhí in aigne an fhir i véarsa a haon.

(8 marc)

(ii) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, na príomhsmaointe atá i véarsa a dó. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.

(9 marc)

## Colscaradh

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

**(c) An Spailpín Fánach**

(i) Cén t-eolas a thugtar dúinn faoin spailpín i véarsa a haon den dán?
(Is leor **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**.)

(8 marc)

(ii) (a) Cén rud a bhíonn á rá ag na daoine i nDurlas i véarsa a dó?

(b) Cén fáth nach dteastaíonn ón spailpín dul go Caiseal i véarsa a trí?

(c) Cá mbíodh an spailpín ina shuí agus é 'ar mhargadh na saoire' i véarsa a trí?

(d) Cén cheist a chuireadh 'bodairí na tíre' ar an spailpín i véarsa a trí?

(8 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(9 marc)

**An Spailpín Fánach**

Im spailpín fánach atáim le fada
  ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
  'S ag bailiú galair ráithe;
ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,
  cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
  sa tír seo, an spailpín fánach.

Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
  's as san go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
  cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic
  ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –
  'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal
  ag díol ná ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
  im scaoinse ar leataoibh sráide,
bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill
  á fhiafraí an bhfuilim hireálta;
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –
  siúd siúl ar an spailpín fánach.

## 3B – FILÍOCHT ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán? Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, scríobh síos príomhthéama an dáin sin. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

(iii) Scríobh síos rud **amháin** a thaitin leat **agus** rud **amháin** nár thaitin leat faoin dán seo.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

(ii) Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** sa dán atá suimiúil, dar leat. Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**Leathanach Bán**

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**

**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge – Páipéar II

Dé Máirt 14 Meitheamh
Maidin 9:30 – 11:50